An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Ráiteas Athbhreithnithe Ghairmchlár na hArdteistiméireachta

Athbhreithnithe Meitheamh 2022

# An Clár Ábhar


## 01

**Réamhrá**

## 03

**RÁITEAS CLÁIR**
**Riachtanais Chláir** 03
**Na Nascmhodúil** 03
Nascmhodúl I – Ullmhúchán do Shaol na hOibre 03
Nascmhodúl II – Oideachas Fiontraíochta 04
Teicneolaíocht Dhigiteach 04
Measúnú, Teastasú agus Tuairisciú 04

## 06

**Na Nascmhodúil**
**Cuspóir** 06
Aidhmeanna Ginearálta 06
Modheolaíocht 06

## 07

**Na Nascmhodúil: Ullmhúchán do Shaol na Hoibre**
Cuspóir 07
Aidhmeanna Ginearálta 08
**Aonad 1 – Intreoir don Saol Oibre** 09
Torthaí Foghlama Sonracha 09
**Aonad 2 – Scileanna Cuardaithe Poist** 10
Torthaí Foghlama Sonracha 10
**Aonad 3 – Imscrúdú Garime** 10
Torthaí Foghlama Sonracha 10
**Aonad 4 – Socrúchán Oibre** 11
Torthaí Foghlama Sonracha 11

## 12

**Na Nascmhodúil: Oideachas Fiontraíochta**
Cuspóir 12
Aidhmeanna Ginearálta 12
**Aonad 1 – Scileanna Fiontraíochta** 13
Torthaí Foghlama Sonracha 13
**Aonad 2 – Fiontair Ghnó Áitiúla** 14
Torthaí Foghlama Sonracha 14
**Aonad 3 – Eagraíochtaí Deonacha/Fiontair Phobail Áitiúla** 15
Torthaí Foghlama Sonracha 15
**Aonad 4 – Gníomhaíocht Fiontraíochta** 16
Torthaí Foghlama Sonracha 16

## 17

**Na Nascmhodúil: Socruithe agus Critéir Mheasúnaithe**
Gráid 18
Critéir Mheasúnaithe – Scrúdpháipéar Deiridh 18
Critéir Mheasúnaithe – Punann d'Obair Chúrsa 19
Punann d'Obair Chúrsa: Achoimre Míreanna 22
**Treoirlínte maidir le Cur i bhFeidhm** 23
Ról Bhainistíocht na Scoile 24
Socrú Amchláir 24
Soláthar Amchláir Molta in GCAT 24
**An Comhordaitheoir** 25
An Fhoireann 25
Foghlaim Ghníomhach 26
**Naisc Thraschuraclaim agus Idirdhisciplíneacha** 27
**Naisc le Gnó agus leis an bPobal Áitiúil** 27
**Meastóireacht** 28

# Réamhrá

Is é atá i nGairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) ná idirghabháil arna ceapadh chun gné ghairme na hArdteistiméireachta (bunaithe) a fheabhsú. Tugadh an clár isteach in 1994 mar fhreagairt ar an dúshlán a chuirtear ar chóras oideachais na hÉireann mar gheall ar obair agus timpeallacht ghnó atá ag athrú. Cuimsíonn GCAT láidreachtaí acadúla na hArdteistiméireachta (bunaithe) le fócas nua agus dinimiciúil ar an bhfoghlaim fhéintreoraithe, ar an bhfiontraíocht, ar an obair agus ar an bpobal. Tá an clár dhá bhliain seo mar pháirt de sholáthar níos leithne a bhfuil d'aidhm aige freastal ar éagsúlacht riachtanais na rannpháirtithe ag an tsraith shinsearach.

Is é príomhsprioc GCAT daoine óga a ullmhú don saol aosach trína chinntiú go gcuirtear oideachas orthu sa chiall is leithne, le hinniúlacht déileáil go maith le cúrsaí agus a bheith rathúil i dtimpeallacht ina dtarlaíonn athruithe go gasta. Spreagtar do rannpháirtithe scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt atá bunúsach don rath acadúil agus gairme araon.

I rith an chláir spreagtar an scoláire:

- a bheith nuálach agus fiontrach
- freagracht a ghlacadh as a bhfoghlaim féin
- é féin a chur in oiriúint do thosca a athraíonn
- measúnú a dhéanamh ar shonraí agus réitigh d'fhadhbanna a cheapadh
- a machnamh agus smaointe a chur in iúl go héifeachtach
- a bheith ag obair le daoine eile mar chuid d'fhoireann
- roghanna gairme a iniúchadh agus a phleanáil
- úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide
- fiontair ghnó agus phobail áitiúla a iniúchadh
- foghlaim óna n-eispéiris.

Tá na scileanna agus tréithe seo ábhartha chomh maith do riachtanais na ndaoine atá ag ullmhú le haghaidh breisoideachais, ag lorg fostaíochta nó ag pleanáil chun a ngnólacht féin a thosú. Baintear amach fócas gairme GCAT trí dhá chúrsa staidéir breise a chur ar fáil san ullmhúchán don saol oibre agus an t-oideachas fiontair, ar a dtugtar na Nascmhodúil.

Spreagtar modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama gníomhaí a úsáid in GCAT. Tá eispéiris amhail socrúcháin oibre, mionstaidéir ghairme, mionfhiontair, cuairteanna gnó agus pobail ina gcuid lárnach den chlár. Don bhonn gníomhaíochtaí saibhir seo tá gá le tiomantas suntasach ama agus leibhéal ard solúbthachta ó chomhordaitheoir GCAT agus ón bhfoireann teagaisc sa scoil.

Chun Gairmchlár na hArdteistiméireachta a chur i bhfeidhm go héifeachtach teastaíonn pleanáil chúramach agus tacaíocht ghníomhach leanúnach ón bpríomhoide, ó lucht na hardbhainistíochta agus ón scoil go léir mar eagraíocht.

# Ráiteas Cláir

## Riachtanais Chláir

Tá riachtanais le haghaidh Ghairmchlár na hArdteistiméireachta dhá bhliain ó Mheán Fómhair 2022 mar seo a leanas:

Maidir leis an scoláire GCAT

- ní mór dó cúig ábhar Ardteistiméireachta ar a laghad a ghlacadh (ag an Ardleibhéal, ag an nGnáthleibhéal nó ag an mBonnleibhéal), an Ghaeilge san áireamh. Ní mór don scoláire a bhfuil díolúine aige ón nGaeilge tabhairt faoi ábhar breise nó ábhair breise a thógáil chun a chinntiú go gcuirfidh siad i láthair cúig ábhar Ardteistiméireachta ar a laghad ina scrúdú Ardteistiméireachta.
- ní mór dó staidéar a dhéanamh ar an dá nascmhodúl, is iad sin Ullmhúchán do Shaol na hOibre agus Oideachas Fiontraíochta

## Na Nascmhodúil

Éilítear ar an scoláire GCAT na Nascmhodúil a ghlacadh, Ullmhúchán do Shaol na hOibre agus Oideachas Fiontraíochta, ar feadh dhá bhliain an chláir. Ba cheart na modúil seo, a dhéantar a thiomáint beagnach go hiomlán le gníomhaíochtaí, a chur i láthair mar aonad comhtháite agus ba cheart go gcuirfidís leis na sineirgí le hábhair eile an scoláire. I ngníomhaíochtaí Nascmhodúil cuirtear ar fáil suíomh inar féidir naisc a dhéanamh idir ábhair roghnaithe an scoláire agus an saol lasmuigh den scoil.

Ábhair roghnaithe → ← Nascmhodúil → ← Staidéar amach anseo / Gairmeacha amach anseo / Fiontraíocht / Pobal áitiúil

## Nascmhodúl I – Ullmhúchán do Shaol na hOibre

Tá an modúl seo ceaptha chun tuiscint ghinearálta an scoláire a fhorbairt ar shaol na hoibre, taighde gairme a chur ina láthair agus an t-eolas agus na scileanna a thabhairt dóibh chun fostaíocht a aimsiú. Mar pháirt den mhodúl seo táthar ag dréim leis go gcomhlánóidh gach scoláire mionstaidéar gairme agus go mbeidh siad páirteach i socrúchán taithí oibre nó scáthfhoghlama oibre.

# Nascmhodúl II – Oideachas Fiontraíochta

Is é is aidhm don mhodúl seo an chruthaitheacht, an acmhainneacht, an fhéiniúlacht agus an tionscnaíocht a fhorbairt. Spreagtar don scoláire agallamh a chur ar dhaoine fiontracha, fiontair áitiúla a fhiosrú agus a dtionscadail fiontraíochta féin a chur ar bun. Tá inneachar an mhodúil solúbtha chun a ligean do scoileanna acmhainní áitiúla a úsáid agus foghlaim a éascú in a oiread suíomhanna éagsúla agus is féidir.

## Teicneolaíocht Dhigiteach

Is scil í an inniúlacht teicneolaíocht dhigiteach a úsáid go muiníneach a uasmhéadóidh lánchumas an scoláire ar scoil agus ina shaol, ina obair agus ina staidéar amach anseo. Le GCAT cuirtear ar fáil deiseanna don scoláire a scileanna digiteacha a fhorbairt agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil. Ba cheart deis a bheith ag an scoláire trealamh fuaime/físe agus bogearraí ábhartha a úsáid chun taifeadadh agus cur i láthair a dhéanamh.

Cé go mbraithfidh an méid inniúlachta is féidir a bhaint amach ar leibhéal iontrála an scoláire agus ar cháilíocht na n-áiseanna atá ar fáil, samhlaítear go mbeidh an scoláire in ann gléasanna digiteacha a úsáid chun

- doiciméid a chruthú, a chur in eagar, a shábháil, a stóráil, a aisghabháil agus a phriontáil
- raon cáipéisí a ullmhú, lena n-áirítear CVanna, litreacha, tuairiscí agus cáipéisí maisithe
- rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha ó fhoinsí ar líne agus iad a úsáid
- ríomhphoist a sheoladh agus a fháil.

Baineann na scileanna seo go díreach le cuid de thorthaí foghlama na Nascmhodúl.

## Measúnú, Teastasú agus Tuairisciú

### Measúnú Ábhair na hArdteistiméireachta

Leanann an scoláire GCAT na siollabais ábhair chéanna agus déantar é a mheasúnú an chaoi chéanna lena chomhscoláirí san Ardteistiméireacht (bhunaithe)

### Measúnú na Nascmhodúl

Caitear leis na Nascmhodúil, Ullmhúchán do Shaol na hOibre agus Oideachas Fiontraíochta, mar aonad chun críocha measúnaithe. Is é atá sa mheasúnú, atá ag leibhéal comónta, ná dhá ghné, Scrúdpháipéar Deiridh agus Punann d'Obair Chúrsa. **Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanann an bheirt acu a mheasúnú.**

## Teastasú

Faigheann an scoláire GCAT an teastas céanna is a fhaigheann scoláire na hArdteistiméireachta (bunaithe). Iarcheanglaítear ráiteas breise den ghrád a fhaightear ar son na Nascmhodúl leis an teastas. Bronntar gráid ar son na Nascmhodúl mar seo a leanas:

- Gradam (80 – 100%)
- Tuillteanas (65 – 79%)
- Pas (50 – 64%)

Tá an deis chéanna ag scoláire GCAT dul ar aghaidh go hollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal eile agus atá ag an scoláire san Ardteistiméireacht (bhunaithe).

Aithnítear na Nascmhodúil faoi láthair i dtéarmaí pointí mar seo a leanas:

- Gradam 66 phointe
- Tuillteanas 46 phointe
- Pas 28 bpointe

# Na Nascmhodúil

## Cuspóir

Is aonaid staidéir iad na Nascmhodúil, Ullmhúchán do Shaol na hOibre agus Oideachas Fiontraíochta, nach mór don scoláire a leanúint ar feadh dhá bhliain Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Is é a gcuspóir spiorad fiontraíochta agus tionscnaíocht a chothú sa duine óg, a scileanna cumarsáide, eagraíochtúla agus digiteacha a fhorbairt, agus é a spreagadh i dtreo na haibíochta. Ceaptar na modúil le meascadh go solúbtha lena chéile, agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm agus iad comhtháite go dlúth leis na hábhar a ghlacann an scoláire.

### Aidhmeanna Ginearálta

Is é is aidhm do na Nascmhodúil an scoláire a chumasú chun

- féidearthacht ghairme a n-ábhar a thuiscint
- a bheith féinmhuiníneach, nuálach agus seiftiúil
- dearcthaí agus scileanna atá oiriúnach le haghaidh saol aosach, shaol na hoibre agus na fiontraíochta a shealbhú
- deiseanna gairme a fhiosrú i réimsí a bhaineann lena n-ábhair agus/nó uaillmhianta pearsanta
- idirghníomhú go héifeachtach le daoine fásta sa phobal agus foghlaim uathu
- gnólachtaí agus fiontair phobail áitiúla a úsáid mar acmhainní foghlama
- eolas, scileanna agus saineolas a bhailiú le chéile ó fhoinsí éagsúla chun spriocanna socraithe a bhaint amach

### Modheolaíocht

Tá na Nascmhodúil tógtha ar an mbuntuiscint nach féidir scileanna agus dearcthaí fiontraíochta a 'theagasc' sa chiall thraidisiúnta rangbhunaithe, agus nach mór iad a chothú trí rannpháirtíocht i bhfoghlaim atá bunaithe ar ghníomhaíocht. Le haghaidh na béime seo ar mhodheolaíocht ghníomhach teastaíonn cur chuige foghlaimeoirlárnach. Feidhmíonn an múinteoir GCAT mar éascaitheoir agus comhairleoir don scoláire, á spreagadh a smaointe féin a ghlacadh, iad a fhorbairt, iad a aistriú go cleachtas agus na torthaí a mheas. Tá gníomhaíochtaí mar chuairteanna tionscail agus pobail, agallaimh le fostóirí, tionscadail fiontraíochta, taithí oibre agus mionstaidéir ghairme lárnach le haghaidh chur i bhfeidhm rathúil na Nascmhodúl.

# Na Nascmhodúil: Ullmhúchán do Shaol na hOibre

## Cuspóir

Tá an Nascmhodúl, Ullmhúchán do Shaol na hOibre, ceaptha chun eolas ginearálta a thabhairt don scoláire ar shaol na hoibre, na scileanna chun fostaíocht a aimsiú agus taithí i dtimpeallacht oibre aosach. Tá an modúl seo ar cheann amháin de dhá nascmhodúl le glacadh ag gach scoláire atá ag dul do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Is é an modúl eile Oideachas Fiontraíochta.

Tá na modúil ceaptha le meascadh go solúbtha le chéile agus ba cheart iad a chomhtháthú leis na hábhair a roghnaíonn an scoláire.

Is fearr is féidir aidhmeanna an mhodúil a bhaint amach trí mheascán de theagasc seomra ranga agus foghlaim ghníomhaíocht-bhunaithe i bhfoirm fiosruithe, cuairteanna amuigh, agallaimh le daoine i réimsí gairme, aíonna a thabhairt isteach sa seomra ranga, ionsamhlú oibre agus rólimirtí. Do gach gníomhaíocht, tá sé tábhachtach go mbeidh cur amach ag an scoláire ar ghnéithe cur chuige foghlama gníomhaí agus go nglacfaidh sé leis, is é sin: pleanáil, déanamh, mioncheistiú, meastóireacht agus taifeadadh.

Mar chuid den mhodúl seo, ba cheart do gach scoláire mionstaidéar gairme a chur i gcrích agus páirt a ghlacadh i socrúchán taithí oibre nó scáthfhoghlama oibre. Ba cheart don socrúchán a bheith bainteach, más féidir, lena (h)uaillmhianta gairme. Is é cúig lá an t-am íosta ba cheart do scoláire a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí atá bainteach le hobair lasmuigh den scoil.

## Aidhmeanna Ginearálta

Tá sé mar aidhm ag an modúl seo na scoláirí a spreagadh chun:

- saol na hoibre go ginearálta a thuiscint
- léargais faoi leith a fháil ar ionaid oibre shonracha
- scileanna cuardaithe poist a fhorbairt agus teicnící agallaimh a fheabhsú
- eolas fíriciúil a shealbhú faoi shaol na hoibre go háitiúil
- a bheith níos eolaí faoi dheiseanna gairme agus conairí gairme
- taithí a fháil ar bheith ag obair i dtimpeallacht aosach
- teagmháil a bhunú le fostóirí féideartha amach anseo
- deiseanna a fhorbairt chun déileáil le fadhbanna i suíomhanna nach bhfuil cur amach acu orthu agus iad a réiteach
- tábhacht an oideachais, na hoiliúna agus na foghlama ar feadh an tsaoil a léirthuiscint.

| Aonaid |
|---|
| **1.** Intreoir don saol oibre |
| **2.** Scileanna cuardaithe poist |
| **3.** Mionstaidéar gairme |
| **4.** Socrúchán oibre |

# Aonad 1 – Intreoir don Saol Oibre

Is é is aidhm don aonad seo daoine óga a spreagadh agus a éascú chun an oiread agus is féidir a fháil amach dóibh féin faoi shaol na hoibre agus deiseanna áitiúla fostaíochta. Úsáidtear an téarma 'saol na hoibre' anseo sa chiall is leithne chun fostaíocht íoctha agus obair dheonach gan íoc a chur san áireamh. Féadfaidh an scoláire a lán de thorthaí foghlama an aonaid seo a bhaint amach agus é ag dul i mbun staidéar áitiúil ar 'M'Áit Féin'. Ba cheart an t-aonad seo a chomhtháthú le hAonaid 2 agus 3 den Nascmhodúl, Oideachas Fiontraíochta.

## Torthaí Foghlama Sonracha

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

**1,1** na príomhfhoinsí fostaíochta sa cheantar áitiúil a shainaithint

**1,2** na príomhghníomhaireachtaí seirbhísí sóisialta agus cruthaithe poist sa cheantar áitiúil a shainaithint

**1.3** na príomhghníomhaireachtaí a chuireann iompar poiblí ar fáil sa cheantar áitiúil a shainaithint

**1.4** na príomhinstitiúidí airgeadais a fhreastalaíonn ar riachtanais an cheantair áitiúil a shainaithint

**1.5** na príomhghníomhaireachtaí atá páirteach i gcaidreamh tionsclaíoch sa cheantar áitiúil a shainaithint

**1.6** príomhghníomhaíochtaí eacnamaíochta an cheantair áitiúil a shainaithint

**1.7** an fhéidearthacht le haghaidh turasóireachta sa cheantar áitiúil a mheas

**1.8** na príomhdhifríochtaí idir an scoil agus an obair a shainaithint agus a thuiscint

**1.9** cur síos a dhéanamh ar luach intreach foirmeacha éagsúla oibre, lena n-áirítear féinfhostaíocht agus obair dheonach

**1.10** rialacháin/reachtaíocht reatha a bhaineann le fostaíocht oibrithe óga a thuiscint

**1.11** rialacháin reatha Sláinte agus Sábháilteachta san áit oibre a thuiscint

**1.12** cás a rólimirt a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le haighneas san ionad oibre

**1.13** saincheisteanna a bhaineann le héagsúlacht san ionad oibre a thuiscint

**1.14** na foirmeacha difriúla cúnaimh do dhaoine dífhostaithe a liostú

**1.15** cuairt a shocrú go dtí scéim oiliúna sa cheantar áitiúil agus/nó cuireadh a thabhairt do chainteoir oiriúnach óna leithéid d'eagraíocht cuairt a thabhairt ar an scoil

**1.16** na gníomhaíochtaí san aonad seo a nascadh le foghlaim in ábhair ábhartha.

# Aonad 2 – Scileanna Cuardaithe Poist

Is é is aidhm don aonad seo na scileanna agus an mhuinín a thabhairt don scoláire atá riachtanach chun fostaíocht a fháil agus chun a scileanna eagraíochtúla agus cumarsáide a fhorbairt. Moltar daoine fásta ón ngnó agus ón bpobal áitiúil a bheith páirteach chun cabhrú leis an scoláire cleachtadh a fháil iad féin a chur i láthair fostóirí ionchasacha.

## Torthaí Foghlama Sonracha

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

**2.1** na bealaí difriúla a aithint a bhfógraítear folúntais phoist a aithint

**2.2** iarratas a dhéanamh ar phost trí litir, trí ghlao gutháin agus trí ríomhphost

**2.3** foirm iarratais a chomhlánú

**2.4** curriculum vitae a chur le chéile agus a chruthú i bhformáid próiseála focal

**2.5** a mhíniú conas ullmhú le haghaidh agallamh poist

**2.6** páirt a ghlacadh in agallamh poist bréagach.

# Aonad 3 – Imscrúdú Garime

Leis an aonad seo tugtar isteach na scileanna taighde agus pleanáil ghairme. Ba cheart an scoláire a spreagadh agus a éascú chun gairmeacha a bhaineann lena inniúlachtaí, spéiseanna agus rogha ábhair Ardteistiméireachta a iniúchadh go gníomhach, le tagairt faoi leith dá ábhair roghnaithe.

## Torthaí Foghlama Sonracha

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

**3.1** inniúlachtaí agus spéiseanna pearsanta a shainaithint

**3.2** raon gairmeacha atá oiriúnach d’inniúlacht agus spéiseanna pearsanta a iniúchadh

**3.3** an inniúlacht agus na scileanna atá de dhíth chun dul le gairm shonrach a shainaithint agus anailís a dhéanamh orthu

**3.4** cur síos ar cháilíochtaí ábhartha agus ar an oiliúint atá de dhíth chun dul isteach sa ghairm roghnaithe

**3.5** deiseanna atá ar fáil a aithint chun dul le gairm roghnaithe go háitiúil, go náisiúnta, agus ag leibhéal idirnáisiúnta, nuair is féidir

**3.6** deis a phleanáil agus a shocrú chun agallamh a chur ar dhuine i ngairm roghnaithe nó é a leanúint

**3.7** faisnéis a chomhtháthú ó fhoinsí difriúla chun tuairisc dheiridh a ullmhú ar mhionstaidéar gairme

**3.8** machnamh agus measúnú a dhéanamh ar thaithí ar thabhairt faoi mhionstaidéar gairme

**3.9** na gníomhaíochtaí san aonad seo a nascadh le foghlaim in ábhair ábhartha.

# Aonad 4 – Socrúchán Oibre

San aonad seo, spreagtar an scoláire chun socrúchán taithí oibre/scáthfhoghlama oibre a phleanáil, a eagrú agus a bheith páirteach ann. Más féidir, ba cheart don socrúchán a bheith ag teacht le huaillmhianta gairme an scoláire. Tugann seo taithí phraiticiúil ar an timpeallacht oibre aosach agus cabhraítear le forbairt scileanna eagraíochtúla agus cumarsáide an scoláire. Ba cheart don aonad seo críochnú le seisiún mioncheistithe mar a spreagtar an scoláire agus mar a éascaítear é chun machnamh agus measúnú a dhéanamh ar a eispéiris.

## Torthaí Foghlama Sonracha

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

**4.1** spriocanna pearsanta a shainiú maidir le socrúchán oibre

**4.2** socrúchán oibre a phleanáil agus a eagrú

**4.3** freastal go poncúil ar shocrúchán faoi leith

**4.4** gléasadh go cuí le haghaidh socrúchán faoi leith

**4.5** tacar nósanna imeachta a leanúint de réir treoracha sonracha

**4.6** cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le hoibrithe eile ar shocrúchán faoi leith

**4.7** tacar sonrach treoracha a leanúint maidir le Sláinte & Sábháilteacht

**4.8** eispéiris phearsanta a athbhreithniú maidir le socrúchán oibre

**4.9** anailís a dhéanamh ar thuairiscí le daoine fásta ar fheidhmíocht in ionad oibre

**4.10** machnamh agus measúnú a dhéanamh ar shocrúchán oibre faoi leith i bhfianaise uaillmhianta gairme

**4.11** cur síos ar an gcaoi ar féidir an méid atá foghlamtha a chur i bhfeidhm ar obair sa bhaile, ar scoil agus sa phobal

**4.12** tuairisc dialainne/scríofa/ó bhéal a chur i láthair ar shocrúchán oibre faoi leith

**4.13** na gníomhaíochtaí san aonad seo a nascadh le foghlaim in ábhair ábhartha.

# Na Nascmhodúil: Oideachas Fiontraíochta

## Cuspóir

Tá an Nascmhodúl, Oideachas Fiontraíochta ceaptha chun deis a thabhairt don scoláire bualadh le daoine fiontracha agus fiontair ghnó agus phobail a fhiosrú. Mar chuid de na modúil, spreagtar don scoláire a thionscadail fiontraíochta féin a chur ar bun mar shlite foghlama. Tá an modúl seo ar cheann amháin de dhá nascmhodúl le glacadh ag gach scoláire atá ag dul do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Is é an modúl eile Ullmhúchán do Shaol na hOibre. Tá na modúil deartha le meascadh go solúbtha lena chéile agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm agus iad comhtháite go dlúth leis na hábhair a roghnaíonn an scoláire.

Is féidir fiontraíocht a léiriú i suíomhanna éagsúla. Don mhodúl seo, is léirithe go léir atá lán chomh bailí lena chéile iad gníomhaíocht fiontraíochta sa bhaile, ar scoil, sa phobal agus i ngnó. Tá inneachar an mhodúil solúbtha chun a ligean do scoileanna acmhainní áitiúla a úsáid agus chun a ligean d'fhoghlaim scoláire tarlú san oiread suíomhanna agus is féidir. Ba cheart don inneachar modúil béim a chur air gur próiseas leanúnach é oideachas fiontraíochta. Do gach gníomhaíocht, tá sé tábhachtach go mbeidh cur amach ag an scoláire ar ghnéithe cur chuige foghlama gníomhaí agus go nglacfaidh sé leis, is é sin: pleanáil, déanamh, mioncheistiú, meastóireacht agus taifeadadh.

## Aidhmeanna Ginearálta

Tá sé mar aidhm ag an modúl seo na scoláirí a spreagadh chun:

- a bheith níos feasaí ar a ndearcthaí agus a láidreachtaí féin
- léirthuiscint níos mó a fháil ar an bhfiontraíocht á cur i ngníomh: sa bhaile, ar scoil, ag an obair agus sa phobal
- a dtionscadail féin a chur ar bun mar shlite foghlama
- scileanna eagraíochtúla, cumarsáide, cinnteoireachta agus sóisialta a fhorbairt trí iad a chur i bhfeidhm i suíomhanna réadúla
- tábhacht na fiontraíochta agus a luach don phobal áitiúil a léirthuiscint
- idirghníomhú le gnó agus leis an bpobal chun an t-eolas praiticiúil agus scileanna a shealbhú chun fiontar a fhorbairt
- taithí a fháil ar a bheith ag obair mar chuid d'fhoireann.

| Aonaid |
|---|
| **1.** Scileanna fiontraíochta |
| **2.** Fiontair ghnó áitiúla |
| **3.** Eagraíochtaí deonacha/fiontair phobail áitiúla |
| **4.** Gníomhaíocht fiontraíochta |

# Aonad 1 – Scileanna Fiontraíochta

Is é is cuspóir don aonad seo scileanna tionscnaíochta agus fiontraíochta a chur i láthair an scoláire, mar shampla giniúint smaoinimh, measúnú riosca, réiteach fadhbanna, obair foirne, ceannaireacht agus tiomantas. Is féidir na torthaí foghlama a bhaint amach trí mheascán de theagasc ranga, rannpháirtíocht i gcleachtaí éagsúla tógála scileanna agus idirghníomhaíocht le daoine fásta fiontracha ón ngnó agus ón bpobal.

## Torthaí Foghlama Sonracha

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

**1.1** cur síos a dhéanamh ar na tréithe agus na scileanna a bhaineann le daoine fiontracha

**1.2** samplaí den tionscnaíocht phearsanta, phobail agus fiontraíochta a aithint

**1.3** láidreachtaí agus laigí pearsanta a shainaithint

**1.4** cur chuige a mholadh atá oiriúnach chun scileanna fiontraíochta a fheabhsú

**1.5** a bheith ag comhoibriú le daoine eile mar chuid d'fhoireann

**1.6** luach na hoibre foirne a léirthuiscint maidir le smaointe a ghiniúint, rioscaí a mheasúnú, fadhbanna a réiteach agus tascanna a chur i gcrích

**1.7** tabhairt faoi cheannaireacht ar ghrúpa i ngníomhaíocht oiriúnach

**1.8** cruinniú a phleanáil agus a eagrú

**1.9** cur i láthair a dhéanamh do chomhscoláirí agus do dhaoine fásta

**1.10** na gníomhaíochtaí san aonad seo a nascadh le foghlaim in ábhair ábhartha

**1.11** na héachtaí a bhaintear amach agus na fadhbanna ar thángthas orthu san aonad seo a mheas.

# Aonad 2 – Fiontair Ghnó Áitiúla

Is é cuspóir an aonaid seo an scoláire a dhéanamh feasach faoina bhfuil i gceist maidir le fiontar a chur ar bun agus a reáchtáil. Ba cheart an scoláire a spreagadh bualadh le fiontraithe agus fiontair ghnó áitiúla a fhiosrú. Féadfaidh an scoláire a lán de thorthaí foghlama an aonaid seo a bhaint amach agus é ag dul i mbun staidéar áitiúil ar 'M'Áit Féin'. Ba cheart an t-aonad seo a chomhtháthú le hAonad 1 den Mhodúl, Ullmhúchán do Shaol na hOibre.

## Torthaí Foghlama Sonracha

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

**2.1** raon fiontar sa phobal áitiúil a shainaithint

**2.2** tuiscint a fháil/fhorbairt ar an gcaoi a thosaíonn fiontar agus an tacaíocht/oiliúint atá ar fáil

**2.3** cur síos ar na céimeanna atá de dhíth chun mionstaidéar ar fhiontar áitiúil a phleanáil agus a dhéanamh

**2.4** foghlaim a úsáid ó ábhair ábhartha chun ceisteanna a cheapadh faoi ghnéithe d'fhiontar áitiúil

**2.5** cuairt a eagrú chuig fiontar áitiúil agus cuireadh a thabhairt do chainteoirí oiriúnacha cuairt a thabhairt ar an ngrúpa ar scoil

**2.6** anailís LLDB a dhéanamh ar ghnólacht

**2.7** tuairisciú go cruinn ar chuairt ó fhiontraí ar an seomra ranga agus ar chuairt ranga ar fhiontar áitiúil

**2.8** comparáid agus codarsnacht a dhéanamh ar fhaisnéis a bhailíodh ó chuairt grúpa ar fhiontar áitiúil

**2.9** cur síos a dhéanamh ar fhiontar áitiúil le tagairt faoi leith do tháirgí, seirbhísí, margaí agus lucht saothair

**2.10** róil éagsúla daoine fásta atá ag obair i dtimpeallacht ghnó a thuiscint agus cur síos orthu

**2.11** cur síos ar thionchar an Mhargaigh Eorpaigh Aonair ar fhiontar faoi leith

**2.12** cur síos agus measúnú a dhéanamh ar úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide i bhfiontar gnó

**2.13** tábhacht an oideachais agus na hoiliúna a thuiscint i bhforbairt fiontair gnó

**2.14** na gníomhaíochtaí san aonad seo a nascadh le foghlaim in ábhair ábhartha

**2.15** na héachtaí a bhaineadh amach agus na fadhbanna ar thángthas orthu san aonad seo a mheas.

# Aonad 3 – Eagraíochtaí Deonacha/Fiontair Phobail Áitiúla

San aonad seo cuirtear i láthair an scoláire fiontair seachas gnólachtaí tráchtála. Spreagtar an scoláire a fháil amach conas a eagraítear na fiontair seo, conas a mhaoinítear iad agus conas a chuireann siad le forbairt áitiúil. Is féidir torthaí an aonaid seo a bhaint amach trí mheascán de theagasc seomra ranga, anailís ar chás-staidéir, mionstaidéir lasmuigh den scoil agus aíonna a dtugtar cuireadh dóibh go dtí an seomra ranga. Mar chuid den aonad seo, moltar go mbeidh an scoláire páirteach i staidéar áitiúil ar 'M'Áit Féin'. Ba cheart an t-aonad seo a chomhtháthú le hAonad 1 den Mhodúl, Ullmhúchán do Shaol na hOibre.

## Torthaí Foghlama Sonracha

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

**3.1** comhlachtaí deonacha a shainaithint a dhéanann obair phobail sa cheantar a shainaithint

**3.2** cur síos a dhéanamh ar an obair a dhéanann raon grúpaí deonacha sa cheantar

**3.3** róil éagsúla daoine fásta atá ag obair in eagraíochtaí deonacha pobail a thuiscint agus cur síos orthu

**3.4** cuairt a eagrú chuig fiontar pobail áitiúil agus/nó cuireadh a thabhairt do chainteoir oiriúnach cuairt a thabhairt ar an ngrúpa ar scoil

**3.5** foghlaim a úsáid ó ábhair ábhartha chun ceisteanna a cheapadh faoi ghnéithe d'fhiontar pobail

**3.6** faisnéis ó fhiontair éagsúla a chomhtháthú chun tuairisc, plean nó cur i láthair a ullmhú ar ghné den fhorbairt pobail

**3.7** na gníomhaíochtaí san aonad seo a nascadh le foghlaim in ábhair ábhartha

**3.8** na héachtaí a bhaintear amach agus na fadhbanna ar thángthas orthu san aonad seo a mheas.

# Aonad 4 – Gníomhaíocht Fiontraíochta

San aonad seo tugtar don scoláire an deis na scileanna atá faighte aige sna haonaid roimhe de na Nascmhodúil a chur i ngníomh. Tá i gceist leis grúpaí de scoláirí a éascú chun a ngníomhaíocht fiontair féin a phleanáil, a chur ar bun agus a reáchtáil. Is samplaí iad suirbhé pobail, ócáid tiomsaithe airgid charthanachta, nuachtlitir nó treoirleabhar turasóireachta áitiúil a fhoilsiú, ócáid scoile a eagrú, mionchuideachta a chur ar bun chun táirge a dhíol nó seirbhís a chur ar fáil. Braithfidh foirm an fhiontair a roghnaítear ar inniúlacht agus spéiseanna an scoláire, chomh maith leis na hacmhainní atá ar fáil dóibh ar scoil agus sa cheantar. Tá sé rí-thábhachtach, san aonad seo, go spreagtar an scoláire agus go gceadaítear dó úinéireacht a ghlacadh ar an bhfreagracht as na tionscadail fiontraíochta a socraíonn siad dul i ngleic leo.

## Torthaí Foghlama Sonracha

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

**4.1:** a bheith ag comhoibriú le daoine eile chun raon smaointe a ghiniúint

**4.2:** plean a ullmhú le haghaidh na gníomhaíochta fiontraíochta roghnaithe

**4.3:** acmhainní atá ar fáil chun tacú le gníomhaíocht fiontraíochta a shainaithint

**4.4** faisnéis a chomhtháthú ó fhoinsí difriúla lena n-áirítear ábhair ábhartha

**4.5** scileanna pearsanta agus grúpa a mheas agus riachtanais oiliúna fhéideartha a shainaithint

**4.6** comhairleoirí atá toilteanach comhairle a thabhairt maidir le gníomhaíocht fiontraíochta roghnaithe a shainaithint agus a earcú

**4.7** an tábhacht phraiticiúil a bhaineann le taighde margaidh agus an meascán margaíochta a thuiscint

**4.8** a bheith feasach ar choincheapa na poiblíochta agus na fógraíochta

**4.9** páirt a ghlacadh go gníomhach in obair ghrúpa i róil éagsúla – úinéir, oibrí, ceannaire foirne

**4.10** freagracht a ghlacadh chun a chinntiú go mbaintear spriocanna amach

**4.11** páirt a ghlacadh in athbhreithniú ar fheidhmíocht ghrúpa

**4.12** athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht phearsanta i ngníomhaíocht fiontraíochta

**4.13** tuairisc scríofa nó ó bhéal a ullmhú agus a chur i láthair ar ghníomhaíocht fiontraíochta

**4.14** na gníomhaíochtaí san aonad seo a nascadh le foghlaim in ábhair ábhartha

**4.15** na héachtaí a bhaineadh amach agus na fadhbanna ar thángthas orthu san aonad seo a mheas.

# Na Nascmhodúil: Socruithe agus Critéir Mheasúnaithe

Caitear le modúil mar aonad chun críocha measúnaithe. Tá an measúnú ar leibhéal comónta. Ag deireadh an chláir, ní mór don scoláire fianaise a chur i láthair maidir leis na torthaí foghlama sonracha.

Cuirfear an fhianaise ar fáil i scrúdú deiridh agus i bpunann.

| An Scrúdpháipéar Deiridh: 40% de na marcanna iomlána | |
|---|---|
| **Dáta** | Deireadh na bliana deiridh de GCAT |
| **Fad** | Dhá uair go leith an chloig |
| **Ábhar** | **Roinn A:** Cur i láthair closamhairc<br>**Roinn B:** Cás-staidéar (a fuair an scoláire roimh ré)<br>**Roinn C:** Ceisteanna Ginearálta (ceithre cinn as sé cinn) |

| An Phunann: 60% de na marcanna iomlána | |
|---|---|
| **Dáta** | Déantar measúnú ag deireadh na bliana deiridh de GCAT |
| **Fad** | Cuirtear le chéile í ar feadh dhá bhliain an chláir |
| **Ábhar** | **Cuid 1:** Croímhíreanna<br>Curriculum vitae<br>Mionstaidéar gairme<br>Tuairisc achoimre<br>Plean Fiontraíochta/Gnímh<br>**Cuid 2:** Míreanna Roghnacha (dhá cheann as ceithre cinn)<br>Dialann taithí oibre<br>Tuairisc fiontraíochta<br>Agallamh/cur i láthair taifeadta<br>Tuairisc ar 'M'Áit Féin' |

## Gráid

Is iad na gráid a bhronntar Gradam (80 – 100%), Tuillteanas (65 – 79%), Pas (50 – 64%).

## Critéir Mheasúnaithe – Scrúdpháipéar Deiridh

Beidh ábhar na roinne **Closamhairc** agus na roinne **Cás-staidéir** ag teacht le torthaí foghlama na Nascmhodúl. Maidir leo siúd, ina bhformáidí faoi seach, déanfar measúnú ar inniúlacht an scoláire

- faisnéis riachtanach fhíriciúil a shoiléiriú
- fachtóirí sóisialta agus eacnamaíocha ábhartha a shainaithint agus a anailísiú
- patrúin a aithint agus iad seo a nascadh le heolas agus taithí a fhaightear trí ghníomhaíochtaí eile GCAT
- réitigh ar fhadhbanna a mholadh agus/nó a mheas
- tuairimí feasacha a chur in iúl maidir le saincheisteanna bainteacha.

Leis na **Ceisteanna Ginearálta** déanfar measúnú ar inniúlacht an scoláire

- faisnéis a bhaineann le torthaí foghlama na Nascmhodúl a thabhairt chun cuimhne, a chatagóiriú, a anailísiú agus a léirmhíniú
- tascanna sonracha a dhéanamh maidir le torthaí foghlama na Nascmhodúl
- cur síos ar an gcaoi a bpleanáiltear agus a gcuirtear i bhfeidhm gníomhaíochtaí foghlama sonracha
- rannpháirtíocht aonair agus ghrúpa i ngníomhaíochtaí foghlama sonracha a anailísiú
- gníomhaíochtaí sonracha a nascadh le foghlaim in ábhair ábhartha.

## Critéir Mheasúnaithe – Punann d'Obair Chúrsa

**Croímhíreanna** (ceithre mhír ar fad le cur i láthair)

Leis an **gCuraclam Vitae** déanfar measúnú ar inniúlacht an scoláire

- cáipéis déanta ar phróiseálaí focal a ghiniúint le leagan amach soiléir agus leanúnach
- clófhoireann, formáid agus teanga atá oiriúnach d'inneachar an taisc a roghnú
- faisnéis ábhartha a roghnú, a chatagóiriú faoi cheannteidil oiriúnacha agus a shocrú in ord cuí
- cumarsáid a dhéanamh go gonta agus go cruinn agus gramadach, litriú agus poncaíocht chruinn in úsáid
- aird a tharraingt ar scileanna agus tréithe pearsanta ar bhealach samhlaíoch.

Leis an **Mionstaidéar Gairme** déanfar measúnú ar inniúlacht an scoláire

- doiciméad a ghiniúint le leagan amach soiléir agus leanúnach
- cur síos ar ghairm shonrach go gonta agus go cruinn
- scileanna, tréithe, cáilíochtaí agus oiliúint a bhaineann leis an ngairm roghnaithe a shainaithint agus a chatagóiriú
- cur síos ar dhá chonair go dtí an ghairm roghnaithe
- an ghairm roghnaithe a mheasúnú i bhfianaise inniúlacht phearsanta, spéiseanna agus rogha ábhar.
- fianaise shoiléir ar idirghníomhaíocht le daoine fásta seachas múinteoirí a chur i láthair in eispéireas foghlama ábhartha lasmuigh den rang
- an t-eispéireas ar mhionstaidéar gairme a mheas.

Leis an **Tuairisc Achoimre** déanfar measúnú ar inniúlacht an scoláire

- doiciméad a ghiniúint le leagan amach soiléir agus leanúnach
- an ghníomhaíocht GCAT a bhfuiltear ag tuairisciú uirthi a ainmniú
- téarmaí tagartha na tuairisce nó aidhmeanna na gníomhaíochta a lua
- príomhshonraí na gníomhaíochta a achoimriú faoi cheannteidil
- teanga atá oiriúnach d'inneachar an taisc a úsáid
- an tuairisc a eagrú i seicheamh loighciúil
- tátail a bhaint agus moltaí a dhéanamh atá oiriúnach d'aidhmeanna/téarmaí tagartha a luadh roimhe.

Leis an **bPlean Fiontraíochta/Gnímh** déanfar measúnú ar inniúlacht an scoláire

- doiciméad a ghiniúint le leagan amach soiléir agus leanúnach
- cuspóirí a shocrú
- taighde ábhartha a roghnú agus a dhéanamh
- torthaí taighde roghnaithe a anailísiú
- plean gnímh loighciúil a cheapadh
- acmhainní atá de dhíth a shainaithint agus a chainníochtú
- an t-am agus na costais atá de dhíth a mheas
- modhanna a mholadh trína ndéanfar rath an phlean a thomhas.

**Míreanna Roghnacha** (cuirfear i láthair dhá mhír san iomlán)

Leis an **Dialann taithí oibre** déanfar measúnú ar inniúlacht an scoláire

- doiciméad a ghiniúint le leagan amach soiléir agus leanúnach
- an socrúchán taithí oibre a ainmniú agus cur síos achomair a thabhairt air
- míniú a thabhairt ar an bhfáth ar roghnaíodh an socrúchán
- cuntas seicheamhach ó lá go lá a thabhairt ar an eispéireas
- feidhmíocht phearsanta a anailísiú
- an taithí a mheas i bhfianaise uaillmhianta pearsanta gairme
- an méid atá foghlamtha a chur i bhfeidhm ar obair sa bhaile, ar scoil agus sa phobal.

Is é a bheidh sa **Tuairisc Fiontraíochta** tuairisc ar ghníomhaíocht fiontraíochta inar ghlac an scoláire páirt. Sa tuairisc déanfar measúnú ar inniúlacht an scoláire

- doiciméad a ghiniúint le leagan amach soiléir agus leanúnach
- téarmaí tagartha na tuairisce nó aidhmeanna na gníomhaíochta a lua
- an príomhinneachar a achoimriú
- cur síos a dhéanamh ar phríomhimeachtaí
- faisnéis ábhartha a chur in iúl le doimhne agus sonraí atá oiriúnach
- cairteacha, táblaí, léaráidí, pictiúir a úsáid de réir mar is cuí chun tacú le príomhthátail agus iad a léiriú
- pointí a eagrú i ngrúpaí bainteacha
- príomhranna a shocrú i seicheamh loighciúil
- cur síos agus measúnú a dhéanamh ar an méid a cuireadh go pearsanta leis an ngníomhaíocht
- tátail a bhaint agus moltaí a dhéanamh atá oiriúnach do chorp na tuairisce.

Leis an **Agallamh/Cur i Láthair Taifeadta** déanfar measúnú ar inniúlacht an scoláire

- cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le doimhne agus sonraí atá oiriúnach
- tuairim fheasach a chur in iúl
- tacú le freagraí ar cheisteanna le samplaí ábhartha
- teagmháil a dhéanamh go dearfach leis an agallóir/lucht féachana
- comharthaíocht choirp oiriúnach a úsáid.

Leis an **Tuairisc ar 'M'Áit Féin'** déanfar measúnú ar inniúlacht an scoláire

- doiciméad a ghiniúint le leagan amach soiléir agus leanúnach
- an ceantar áitiúil atáthar á iniúchadh a shainaithint
- aidhmeanna/cuspóirí agus raon an mhionstaidéir a shainmhíniú
- breac-chuntas a thabhairt ar na modhanna a úsáidtear chun faisnéis a bhailiú faoin gceantar áitiúil
- cur síos ar ghníomhaíocht ghrúpa lasmuigh den scoil a dhéantar mar pháirt den mhionstaidéar
- an fhaisnéis a bhailíodh a anailísiú agus ábhar ábhartha a roghnú
- saincheist thábhachtach a bhaineann leis an gceantar áitiúil a shainaithint agus a anailísiú
- léarscáileanna, cairteacha, táblaí, léaráidí, pictiúir a úsáid de réir mar is cuí chun tacú le príomhthátail agus iad a léiriú
- an ghníomhaíocht a nascadh le foghlaim in ábhair ábhartha
- cur síos agus measúnú a dhéanamh ar an méid a cuireadh go pearsanta leis an mionstaidéar
- tátail a bhaint agus moltaí a dhéanamh atá oiriúnach don mhionstaidéar.

## Punann d'Obair Chúrsa: Achoimre Míreanna

| Croímhíreanna | Míreanna Roghnacha |
|---|---|
| **Gach mír atá le cur i láthair** | **Dhá mhír le cur i láthair** |
| Curriculum vitae | Dialann taithí oibre |
| Mionstaidéar gairme | Tuairisc fiontraíochta |
| Tuairisc Achoimre | Agallamh/cur i láthair taifeadta |
| Plean Fiontraíochta/Gnímh | Tuairisc ar 'M'Áit Féin' |

## Treoirlínte maidir le Cur i bhFeidhm

Chun GCAT a chur i bhfeidhm go rathúil agus é a sheachadadh go héifeachtach sa scoil, beidh tiomantas agus tacaíocht ghníomhach de dhíth ón mbord bainistíochta, ón bpríomhoide agus ón bhfoireann iomlán. Léirítear sna treoirlínte seo a leanas an dea-chleachtas maidir le modheolaíochtaí teagaisc, eagrú cláir agus tacaíocht:

- ba cheart do gach scoil ráiteas cláir a fhorbairt ina leagtar amach a cúiseanna chun páirt a ghlacadh i GCAT agus ina leagtar amach aidhmeanna, cuspóirí agus tionchair ionchasacha an chláir
- ba cheart comhordaitheoir a cheapadh agus an t-am a thabhairt dó le haghaidh dualgais chomhordaithe
- ba cheart cur chuige foirne a spreagadh, chun comhleanúnachas an chláir a uasmhéadú i ngach modúl agus ábhar
- ba cheart eolas dóthanach a thabhairt do scoláire agus dá thuismitheoirí/chaomhnóirí ionas gur féidir roghanna feasacha a dhéanamh i leith an chláir
- ba cheart trealamh, áitreabh agus maoiniú a chur ar fáil atá oiriúnach do riachtanais an chláir
- ba cheart am cuí a chur ar fáil san amchlár chun a chinntiú go seachadtar na Nascmhodúil go héifeachtach
- ba cheart do mhúinteoirí sa chlár modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama gníomhacha a úsáid
- ba cheart riachtanais inseirbhíse maidir leis an gclár a shainaithint agus na baill foirne oiriúnacha a scaoileadh le haghaidh oiliúna
- ba cheart naisc thraschuraclaim a bhunú idir ábhair agus na Nascmhodúil
- ba cheart rochtain oiriúnach a thabhairt do gach scoláire GCAT ar theicneolaíochtaí digiteacha mar chroíghné den chlár
- ba cheart do scoláirí a bheith eagraithe i ngrúpaí ranga faoi leith le haghaidh na Nascmhodúl
- ba cheart do gach scoláire a bheith páirteach i dtréimhse taithí oibre/scáthfhoghlama oibre a mbaineann ullmhúchán, monatóireacht agus mioncheistiú imleor léi
- ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun soláthar cothrom a dhéanamh do gach scoláire a ghlacann an clár, le tagairt faoi leith dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- ba cheart do scoileanna iarracht a dhéanamh steiréitíopáil ar bhonn inscne a sheachaint maidir le roghnú ábhar, agus roghanna neamhthraidisiúnta a spreagadh
- ba cheart naisc a fhorbairt le gníomhaireachtaí seachtracha, gnólachtaí áitiúla agus fiontair phobail
- ba cheart don scoil córas dearbhaithe cáilíochta a bheith i bhfeidhm acu, trínar féidir leo an clár a mheas

## Ról Bhainistíocht na Scoile

Tá an phríomhfhreagracht ar lucht na bainistíochta as cur i bhfeidhm GCAT sa scoil.
I measc na bpríomhfhreagrachtaí tá leithdháileadh maoinithe agus acmhainní

- gnéithe an chláir a chur sa chlár ama
- Comhordaitheoir agus Foireann a cheapadh agus tacú leo
- baill foirne a scaoileadh le haghaidh inseirbhíse
- am le haghaidh comhordú agus pleanáil a chur ar fáil
- iniúchadh agus meastóireacht bhliantúil.

## Socrú Amchláir

Is saincheist é soláthar sa chlár ama do Nascmhodúil GCAT nach mór do gach scoil a mheas i bhfianaise a cúinsí áirithe féin.

Tá sé ríthábhachtach go mbuailfidh cohórt GCAT le chéile mar ghrúpa faoi leith le haghaidh thréimhsí na Nascmhodúl sa chlár ama. Is acmhainn an-tábhachtach é na Nascmhodúil a shocrú sa chlár ama i ranganna dúbailte nó i mblocanna trí ranga, mar tugann sin slí le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá riachtanach chun an clár a theagasc a dhéanamh leis an íosmhéid cur isteach.

Moltar go láidir amchlár an chomhordaitheora a shocrú ionas go mbeidh teagmháil ranga acu leis na scoláirí GCAT. I bhformhór na scoileanna, tógann an comhordaitheoir ceann amháin ar a laghad de na tréimhsí Nascmhodúil.

## Soláthar Amchláir Molta in GCAT

| | |
|---|---|
| **Na Nascmhodúil** | Is é an soláthar molta trí thréimhse sa tseachtain i mBliain 1 den chlár agus dhá thréimhse i mBliain 2, sa chlár ama mar thréimhsí dúbailte nó mar bhloc trí thréimhse. |
| **Rochtain ar Theicneolaíocht Dhigiteach** | Laistigh de chlár ama na Nascmhodúl. |
| **Am le haghaidh comhordaithe** | Is é an t-am molta le haghaidh comhordú éifeachtach ná dhá uair an chloig sa tseachtain le haghaidh comhordaitheora a bhfuil freagracht air as grúpa ranga GCAT amháin.<br>Ba cheart tuilleadh ama a thabhairt do chomhordaitheoirí a bhfuil níos mó grúpaí GCAT acu. |
| **Pleanáil foirne** | Ba cheart foráil a chur i bhfeidhm chun a chumasú don chomhordaitheoir cruinnithe rialta pleanála a thionól leis an bhfoireann GCAT. |

## An Comhordaitheoir

Is é an comhordaitheoir an príomhdhuine maidir le cur i bhfeidhm GCAT laistigh den scoil. Go hidéalach, ba cheart go spreagfadh an dúshlán an comhordaitheoir, go mbeadh spéis aige i nuálaíocht churaclaim agus go mbeadh tiomantas aige d'aidhmeanna agus cuspóirí an chláir. Is buntáiste soiléir sa ról seo iad scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta. Beidh freagracht ar an gcomhordaitheoir as pleanáil agus cur i bhfeidhm GCAT ó lá go lá sa scoil.

Áireofar leis sin:

- a bheith i gceannas ar an bhfoireann maidir leis an gclár a phleanáil agus a chur i bhfeidhm
- moltaí a dhéanamh do lucht na bainistíochta maidir le socrú amchláir agus leithdháileadh acmhainní
- riachtanais inseirbhíse a shainithint agus teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí tacaíochta
- freastal ar imeachtaí inseirbhíse agus a chinntiú go mbíonn an deis chéanna ag baill foirne
- an fhoireann a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí sa chlár
- cabhrú leis an bpríomhoide maidir le heolas a thabhairt don scoláire agus do thuismitheoirí
- gnéithe traschuraclaim agus idirdhisciplíneacha an chláir a chur chun cinn
- naisc a fhorbairt le gnólachtaí áitiúla agus eagraíochtaí pobail
- cabhrú leis an bpríomhoide maidir le meastóireacht an chláir.

## An Fhoireann

Tá cur chuige foirne ríthábhachtach chun clár maith a fhorbairt. Maidir le scoileanna a bhfuil cláir shuaithinseacha acu, de ghnáth bíonn foireann bheag de phríomhphearsanra acu a mbíonn cruinnithe rialta foirne acu.

Chomh maith leis an gcomhordaitheoir, tarraingítear foireann GCAT de ghnáth ó mhúinteoirí na Nascmhodúl, **múinteoirí chohórt na sraithe sóisearaí, an Comhairleoir Treorach agus múinteoir(í) a bhfuil baint acu le teicneolaíochtaí digiteacha**.

Is é ról na foirne cabhrú leis an gcomhordaitheoir maidir le dearadh, cur i bhfeidhm agus meastóireacht an chláir.

Áireofar le ról na foirne:

- gníomhaíochtaí GCAT a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu sa scoil
- naisc thraschuraclaim agus idirdhisciplíneacha a phleanáil idir ábhair
- comhoibriú éifeachtach idir baill foirne a spreagadh agus a éascú
- an clár a chur chun cinn i measc scoláirí agus baill foirne.

Ba cheart do lucht na bainistíochta an tábhacht a bhaineann le pleanáil leanúnach a aithint trí fhoráil a dhéanamh le haghaidh cruinnithe foirne a bheith ar siúl ar bhonn rialta. Cuireann foráil mar seo cumhachtú foirne chun cinn agus leanann uaithi sa deireadh clár rathúil dinimiciúil.

## Foghlaim Ghníomhach

Spreagann na Nascmhodúil an scoláire chun an t-eolas agus na scileanna atá sealbhaithe acu trína n-**ábhair** a chur i bhfeidhm. Feabhsaítear an ábharthacht trí dheiseanna a chur ar fáil don scoláire eispéiris foghlama gníomhaí a phleanáil, a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga.

**I measc ghnáthghníomhaíochtaí GCAT tá:**

| | |
|---|---|
| **Cuairteanna taobh amuigh den scoil** | mionstaidéir ar ghnólachtaí, fiontair phobail agus eagraíochtaí eile |
| **Cuireadh a thabhairt d'aíonna teacht isteach sa seomra ranga** | daoine fásta seachas múinteoirí mar chuairteoirí acmhainne |
| **A bheith ag obair i bhfoirne** | ar thionscnaimh agus ar mhionstaidéir |
| **Gníomhaíochtaí fiontraíochta a eagrú** | tionscadail a chur ar bun mar shlite foghlama |
| **Ullmhú go gníomhach don obair** | mionstaidéar gairme, cuardach poist, ullmhú agallaimh |
| **Eispéireas a fháil ar shaol na hoibre** | taithí oibre, ionsamhlú oibre, scáthfhoghlaim oibre |
| **Cuir i láthair a dhéanamh** | do dhaoine fásta agus do chomhscoláirí |
| **Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid** | chun faisnéis a rochtain, a stóráil agus a chur i láthair |

Chun a chinntiú go mbeadh foghlaim ghníomhach éifeachtach, ba cheart do mhúinteoirí an scoláire a spreagadh úinéireacht a ghlacadh ar na gníomhaíochtaí a roghnaigh siad. Is trí úinéireacht a ghlacadh as a bhfoghlaim féin go bhfásann daoine óga i dtréithe agus i scileanna na fiontraíochta pearsanta.

Ba cheart gach gníomhaíocht a mbíonn an scoláire páirteach iontu a mhiondealú i gcúig chéim faoi leith: pleanáil, an t-eispéireas, mioncheistiú, meastóireacht agus taifeadadh.

| Pleanáil | Taithí | Mioncheistiú | Measúnú | Taifeadadh |
|---|---|---|---|---|
| spriocanna a shocrú agus ullmhúchán a dhéanamh | a fháil ar an ngníomhaíocht féin | machnamh a dhéanamh ar an eispéireas | anailísiú, tátail a bhaint | dialann/ tuairisc a dhéanamh |

# Naisc Thraschuraclaim agus Idirdhisciplíneacha

Tá raon leathan deiseanna ann laistigh de GCAT chun naisc thraschuraclaim agus idirdhisciplíneacha a fhorbairt. Is gnéithe tábhachtacha den chlár iad sin mar cabhraíonn siad leis an scoláire na naisc a aimsíonn siad idir codanna difriúla dá bhfoghlaim a aithint agus a úsáid. Ba cheart na naisc seo a leanas a spreagadh:

- idir na hábhair a ndéanann an scoláire staidéar orthu agus na Nascmhodúil. Mar shampla, ba cheart nasc a bhunú idir na Nascmhodúil, Corpoideachas agus Gnó trí ghníomhaíocht fiontraíochta sóisialta ag díriú ar rannpháirtíocht sa spórt a chur chun cinn don scoláire sa chéad bhliain
- idir an scoil agus an mórphobal. Mar shampla, mionstaidéir ghairme, socrúcháin taithí oibre, cuairteanna ar fhiontair áitiúla.

Chun foghlaim thraschuraclaim a uasmhéadú, ba cheart do chomhordaitheoirí agus múinteoirí Nascmhodúl iarracht a dhéanamh

- múinteoirí na sraithe sinsearaí a mhealladh le bheith páirteach i bpleanáil gníomhaíochtaí Nascmhodúil – mar shampla, chuirfeadh ionchur múinteoirí Bitheolaíochta agus Eacnamaíochta Baile feabhas ar an bpleanáil roimh chuairt ar mhonarcha próiseála bia
- téamaí staidéir a thairgeann féidearthacht le haghaidh feidhmeanna traschuraclaim a roghnú – mar shampla, d'fhéadfadh na hábhair Theicneolaíochta, na hEolaíochtaí, Eacnamaíocht Bhaile, Corpoideachas agus Ealaín a bheith i gceist le suirbhé sláinte agus sábháilteachta
- an scoláire a spreagadh naisc a aithint agus a úsáid agus páirt á ghlacadh aige i ngníomhaíochtaí Nascmhodúil.

Leagadh béim cheana ar an tábhacht a bhaineann le rochtain ar theicneolaíocht dhigiteach. Ar mhaithe le húsáid éifeachtach teicneolaíochta digití in GCAT, ba cheart do scoileanna a chinntiú:

- go bhfuil rochtain sa chlár ama ag an scoláire ar theicneolaíocht dhigiteach sa scoil
- go bhfuil múinteoir a bhfuil scileanna digiteacha aige san fhoireann teagaisc GCAT
- go bhfuil rochtain ag an scoláire ar an idirlíon
- go spreagtar agus go n-éascaítear múinteoirí GCAT úsáid a bhaint as oiliúint inseirbhíse i dteicneolaíochtaí digiteacha

## Naisc le Gnó agus leis an bPobal Áitiúil

Is príomhghné de chlár rathúil é naisc ghnó agus phobail a bhunú, agus is tosaíocht é don chomhordaitheoir GCAT agus don scoil. Beidh daoine ag gach pobal, idir thuaithe agus uirbeach, a bhfuil saibhreas eolais agus taithí acu le comhroinnt leis an scoláire. I measc samplaí tá eagraíochtaí amhail **SOLAS**, Fiontraíocht Éireann, Comhpháirtíochtaí Ceantair Áitiúil, **Oifigí Fiontraíochta Áitiúil**, Ibec, oibrithe pobail, baill d'eagraíochtaí deonacha, fostóirí i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, fostaithe i gcuideachtaí móra, tuismitheoirí agus iarscoláirí.

## Meastóireacht

Beidh meastóireacht struchtúrtha ag tarlú ag leibhéil dhifriúla agus ag amanna difriúla le linn na scoilbhliana ag scoileanna a bhfuil cláir shuaithinseacha acu. Sa phróiseas meastóireachta ba cheart do lucht bainistíochta scoile iarracht a dhéanamh dearcadh páirtithe leasmhara difriúla a chur san áireamh, amhail an scoláire, an comhordaitheoir, múinteoirí na Nascmhodúl, múinteoirí Ardteistiméireachta, tuismitheoirí, soláthraithe taithí oibre agus comhpháirtithe naisc.

Spreagtar an scoláire gach gníomhaíocht GCAT a bhfuil siad páirteach inti a mheas, amhail taithí oibre, cuairteanna amuigh agus agallaimh le fiontraithe ar cuairt. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart don fhoireann teagaisc bualadh le chéile chun imeachtaí suntasacha a mheas, amhail gníomhaíochtaí fiontraíochta, iniúchtaí gairme agus tionscadail traschuraclaim.

Beidh níos mó céille ag baint le meastóireacht ar sholáthar GCAT sa scoil má thomhaistear é de réir Ráiteas Cláir reatha d'aidhmeanna, cuspóir agus torthaí a bhfuil súil leo. Mar gheall ar mheastóireacht éifeachtach is féidir éachtaí a cheiliúradh, réimsí deacrachta a aimsiú, agus pleananna a chur i bhfeidhm chun fáil réidh le laigí aitheanta.

D'fhéadfadh Anailís LDDB (meastóireacht ar láidreachtaí, dúshláin, deiseanna agus bagairtí) a bheith ina huirlis úsáideach le haghaidh meastóireacht mar seo. Tá teimpléid le haghaidh meastóireacht chláir ar fáil ó na **seirbhísí tacaíochta**.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment